Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**10802/26 ADD 1**

**COPEN 236**
**CT 82**
**DROIPEN 114**
**JAI 849**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 277 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an meastóireacht ar Threoir (AE) 2018/1673 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 277 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 277 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.6.2026
COM(2026) 277 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

## TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

**maidir leis an meastóireacht ar Threoir (AE) 2018/1673 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil**

{SWD(2026) 148 final}

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**lena ndéantar measúnú ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá chun Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 a chomhlíonadh maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil**

# 1 RÉAMHRÁ

Tháinig Treoir 2018/1673 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil (dá ngairtear 'an Treoir' anseo feasta) i bhfeidhm an 2 Nollaig 2018. Bhí ar na 25 Bhallstát den Aontas Eorpach[1] atá faoi cheangal ag an Treoir (i.e. gach Ballstát seachas an Danmhairg agus Éire) na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 3 Nollaig 2020.

I gcomhréir le hAirteagal 14(1) den Treoir, déantar measúnú sa tuarascáil seo ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir a chomhlíonadh. Cuirtear an tuarascáil atá ann faoi láthair isteach mar iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil de bhun Airteagal 14(2) den Treoir lena ndéantar measúnú ar bhreisluach na Treorach.

Tá an anailís sin bunaithe ar fhaisnéis a chuir na Ballstáit ar fáil don Choimisiún Eorpach go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2025, agus ar staidéar seachtrach.

Leagtar amach sa Treoir sainmhínithe comhchoiteanna ar chionta coiriúla agus ar smachtbhannaí ar fud Ballstáit den Aontas Eorpach arb é is aidhm dóibh sciúradh airgid a chomhrac, chun comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach a éascú agus cosc a chur ar choirpigh leas a bhaint as córais náisiúnta nach bhfuil chomh dian céanna. Ós rud é go bhfuil sciúradh cistí aindleathacha ar cheann de na príomhchumasóirí i dtaobh na coireachta eagraithe, cuidíonn an Treoir le bonn airgeadais líonraí coiriúla a lagú agus tacaíonn sí le hiarrachtaí deireadh a chur leis na líonraí sin. Ceanglaítear leis an Treoir ar na Ballstáit na nithe seo a leanas a choiriúlú i gcás ina ndéantar d'aon ghnó iad: comhshó nó aistriú maoine i gcás inar eol don duine go dtagann sí ó ghníomhaíocht choiriúil, fíorchineál na maoine sin nó a foinse, suíomh, bail, gluaiseacht nó úinéireacht a cheilt nó a chur i mbréagriocht, agus maoin den sórt sin a fháil, a shealbhú nó a úsáid. Leis an Treoir, ceadaítear do na Ballstáit freisin an cion sciúrtha airgid a leathnú chuig cásanna ina raibh 'amhras ar an gciontóir nó inar cheart gurbh eol don chiontóir' gur gnóthaíodh an mhaoin ó ghníomhaíocht choiriúil. Cuireann sé d'oibleagáid ar na Ballstáit imthosca géaraitheacha a thabhairt isteach (e.g. rannpháirtíocht eagraíochta coiriúla, nó sciúradh trí ghníomhaíochtaí gairmiúla) agus ceanglaítear leis go mbeidh pionóis éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, lena n-áirítear uastéarma príosúnachta íosta 4 bliana ar a laghad agus, i gcás inarb ábhartha, bearta dliteanais eintitis dhlítheanaigh. Tá rialacha ann maidir le dlínsí agus maidir leis an oibleagáid fáltais agus ionstraimeachtaí a reo agus a choigistiú agus cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha i bhfeidhm chun sciúradh airgid a imscrúdú.

Léirítear sa tuarascáil go bhfuil iarrachtaí móra déanta ag na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar dlíthe náisiúnta a ailíniú le forálacha na Treorach, agus gur cosúil go bhfuil roinnt neamhréireachtaí agus bearnaí i líon teoranta Ballstát.

[1] Nuair a thagraítear sa tuarascáil seo do '25 Bhallstát' nó d'aon líon eile Ballstát, tugtar le tuiscint leis sin gur Ballstáit iad sin atá faoi cheangal ag an Treoir.

Sa bhreis ar an anailís a sholáthraítear leis an tuarascáil seo ar bhonn na faisnéise a cuireadh ar fáil don Choimisiún go dtí seo, d'fhéadfadh dúshláin bhreise a bheith ann maidir le trasuí agus forálacha eile nár tuairiscíodh don Choimisiún nó forbairtí reachtacha agus neamhreachtacha breise a dhéanann difear do thrasuí. Dá bhrí sin, níor cheart don tuarascáil seo cosc a chur ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thrasuí agus cur chun feidhme na Treorach sna Ballstáit a thuilleadh.

## 2 COMHLÍONADH THRASUÍ NA TREORACH TRÍ FHORÁIL A DHÉANAMH

Déantar athbhreithniú sa chaibidil seo ar thrasuí na Treorach ag na Ballstáit sa dlí náisiúnta, agus déantar measúnú inti, airteagal ar airteagal, ar iomláine agus comhréireacht na ndlíthe agus na rialachán náisiúnta le ceanglais na Treorach.

**Airteagal 2 – Sainmhínithe (lena n-áirítear cionta preideacáide)**

Cuimsítear trí shainmhíniú in Airteagal 2. Sainmhínítear le h**Airteagal 2(1) 'gníomhaíocht choiriúil'** mar na cionta uile atá inphionóis le huastéarma príosúnachta bliana ar a laghad, nó, i gcás nach bhforordaítear aon phionós uasta, na cionta uile atá inphionóis le híostéarma príosúnachta is faide ná 6 mhí. Measfar gur cionta preideacáide le haghaidh sciúradh airgid iad na cionta ar gníomhaíocht choiriúil iad, i.e. déanfaidh na Ballstáit sciúradh maoine a eascraíonn as na cionta sin a choiriúlú, ar a laghad.

Ina theannta sin, gan beann ar na tairseacha pionóis, ceanglaítear ar na Ballstáit in aon chás raon cionta a chuimsiú laistigh de gach ceann de na 22 chatagóir cionta a liostaítear in Airteagal 2(1), (áirítear orthu sin na cionta a chomhchuibhítear ar leibhéal an Aontais)[2].

Chuaigh formhór mór na mBallstát atá faoi cheangal ag an Treoir níos faide ná í trí 'cur chuige uile-choireachta', mar a thugtar air, a ghlacadh, faoina bhféadfadh aon chion coiriúil a bheith ina chion preideacáide maidir le sciúradh airgid. Ainmníonn cúig Bhallstát (**an Fhrainc, an Ísiltír, Lucsamburg, an Phortaingéil, an Ostair**) catagóirí sonracha cionta coiriúla a d'fhéadfadh a bheith ina gcionta preideacáide i leith sciúradh airgid.

Thrasuigh **na Ballstáit uile** an sainmhíniú ar ghníomhaíocht choiriúil mar a leagtar síos in Airteagal 2(1) i gceart.

Déantar foráil le h**Airteagal 2(2)** maidir le sainmhíniú leathan ar **'maoin'** a d'fhéadfadh a bheith ina hábhar oiriúnach ciona sciúrtha airgid. I ndáil leis sin, sainmhínítear maoin mar shócmhainní d'aon chineál, bídís corprach nó neamhchorprach, inaistrithe nó do-aistrithe, inláimhsithe nó doláimhsithe, agus doiciméid dlí nó ionstraimí dlí in aon fhoirm, lena n-áirítear foirm leictreonach nó foirm dhigiteach, lena bhfianaítear teideal ar na sócmhainní sin nó leas iontu. Cé nár thrasuigh na Ballstáit an téarma maoin go sonrach ina reachtaíocht maidir le sciúradh airgid, déanann siad foráil go minic maidir le sainmhínithe i dtéacsanna dlíthiúla eile, a úsáidtear freisin chun ábhar sciúrtha airgid a shainmhíniú lena n-áirithítear comhlíonadh na forála.

**Cé gur thrasuigh 23 Bhallstát** an sainmhíniú ar mhaoin mar a leagtar síos in Airteagal 2(2), is cosúil nach meastar sa reachtaíocht **sa Ghearmáin** agus **san Ostair** gur maoin is féidir a

[2] Féach aithris (5).

sciúradh iad costais a sábháladh (amhail cánacha a choinnítear siar trí choir chánach a dhéanamh).. Go bunúsach, ní eisiatar le Roinn 165 mír 6 de Chód Coiriúil na hOstaire ach coigilteas amhail caillteanais neamhréadaithe nár tharla, tarscaoileadh éileamh nó costais agus muirir a seachnaíodh ó raon feidhme an sciúrtha airgid. Cuireann sé sin cosc ar údaráis na hOstaire cion sciúrtha airgid a chur i bhfeidhm i gcás airgead a shábháiltear trí gan cánacha a íoc go neamhdhleathach agus a sciúradh ina dhiaidh sin. Sa seanleagan de Roinn 261, mír 5 de Chód Coiriúil na Gearmáine, cuimsíodh costais a sábháladh trí chalaois chánach go sainráite i raon feidhme an sciúrtha airgid. Le hathchóiriú in 2021, scriosadh an mhír seo, rud a d'fhág gur eisiadh costais den sórt sin a sábháladh ón raon feidhme. Dá bhrí sin, is cosúil go measann an dá dhlínse nach féidir ach maoin ar méadú dearfach ar shócmhainní duine é, e.g. airgead a fhaightear trí chion gáinneála ar dhrugaí nó trí lacáiste cánach, a bheith ina hábhar ciona sciúrtha. Mar sin féin, cumhdaítear leis an sainmhíniú leathan ar mhaoin sa Treoir na cineálacha maoine uile, lena n-áirítear costais a sábhaladh fiú mura luaitear go sainráite iad.

Sainmhínítear le h**Airteagal 2(3) 'duine dlítheanach'** mar aon eintiteas a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige faoin dlí is infheidhme, cé is moite de stáit nó comhlachtaí poiblí atá i mbun údarás stáit a fheidhmiú agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí. Ar an gcaoi chéanna leis an téarma 'maoin', sainmhíníonn go leor Ballstát 'duine dlítheanach' i bpíosaí eile reachtaíochta, a bhfuil feidhm acu freisin chun críche cionta sciúrtha airgid. Tá sé sin i gcomhréir leis an Treoir.

**Airteagal 3 – Cionta sciúrtha airgid**

Ceanglaítear le h**Airteagal 3(1)** ar na Ballstáit na nithe seo a leanas a choiriúlú: (a) maoin a chomhshó nó a aistriú, (b) gnéithe éagsúla den mhaoin a cheilt nó a chur i mbréagriocht, agus (c) maoin a fháil, a shealbhú nó a úsáid, a mhéid is eol do dhéantóir na ngníomhaíochtaí sin gur gnóthaíodh an mhaoin sin ó ghníomhaíocht choiriúil.

Thrasuigh na **Ballstáit** an fhoráil sin ar bhealaí éagsúla. Thrasuigh seacht mBallstát (**an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Ghréig, an Fhionlainn, an Ungáir, an Pholainn** agus **an Rómáin**) an ghné intinne go hindíreach trí bheith ag brath ar phrionsabail ghinearálta an dlí choiriúil lena suitear nach bhfuil cion ina shaintréith ach amháin más ann don ghné intinne. Chuir na Ballstáit eile an ghné intinne go sainráite sna forálacha náisiúnta lena ndéantar sciúradh airgid a choiriúlú.

Le h**Airteagal 3(2)**, tugtar an rogha do na Ballstáit sciúradh airgid a choiriúlú a thuilleadh i gcás nárbh eol don chiontóir, ach go raibh amhras air nó i gcás inar cheart gurbh eol dó, gur gnóthaíodh an mhaoin ó ghníomhaíocht choiriúil (sciúradh airgid faillíoch). Bhain **15 Bhallstát**[3] úsáid as an rogha sin agus rinne siad sciúradh airgid faillíoch a choiriúlú.

Ós rud é go bhfágann scéimeanna casta sciúrtha airgid go bhfuil sé deacair an cion preideacáide a chruthú, tá sé beartaithe leis an Treoir freisin deireadh a chur le bacainní praiticiúla agus dlíthiúla ar sciúradh airgid a ionchúiseamh mar chion neamhspleách. Chun é sin a dhéanamh, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit ionchúiseamh agus ciontú i dtaobh **sciúradh airgid a chumasú gan ciontú a éileamh i dtaobh an chiona preideacáide (Airteagal 3(3)(a))**, agus gan ceangal a chur ar na húdaráis **gnéithe uile an chiona preideacáide a chruthú** (lena bhféadfaí céannacht an duine a rinne na gníomhaíochta coiriúla ónar gnóthaíodh an mhaoin a chuimsiú)(**Airteagal 3(3)(b)**). Dá ngairtear 'sciúradh airgid neamhspleách' anseo feasta.

[3] An Bheilg, an Chipir, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhionlainn, an Chróit, an Ungáir, an Laitvia, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an tSualainn, an tSlóivéin agus an tSlóvaic

Níor thrasuigh **16 Bhallstát**[4] an fhoráil go sainráite ach **trí 'trasuí intuigthe'**, i.e. gan a lua go sainráite ina reachtaíocht náisiúnta maidir le sciúradh airgid nach mór coinníollacha amhail ciontú roimhe sin nó ciontú comhuaineach sa chion preideacáide nó suí fhíorais agus imthosca uile an chiona preideacáide a chomhlíonadh.

Tugann an Coimisiún dá aire gur **mór idir na Ballstáit ó thaobh an tairí chun foinse aindleathach na maoine a chruthú sa chúirt**.

I **14 Bhallstát**[5], ní gá cineál an chiona preideacáide a shonrú, agus foinse aindleathach na maoine á cruthú. Ina ionad sin, is leor a shuí go dtagann an mhaoin sciúrtha ó ghníomhaíocht choiriúil a rinneadh, rud a éascaíonn go mór an sciúradh airgid a ionchúiseamh.

Mar sin féin, forchuireann cúirteanna i roinnt Ballstát ardchaighdeáin fós chun a chruthú gur ann do chion preideacáide. Ceanglaíonn **10 mBallstát**[6] fós ar údaráis an chatagóir ciona lena mbaineann an cion preideacáide a shainaithint (e.g. gáinneáil ar dhrugaí, gáinneáil ar dhaoine, calaois etc.). Ina measc sin, ceanglaíonn dhá **Bhallstát** (**an Bhulgáir agus an Pholainn**) tairseach cruthúnais an-ard maidir leis an gcion preideacáide. Ceanglaíonn **an Bhulgáir**[7] cineál an chiona choiriúil, agus an t-am agus an áit a ndearnadh é, a chruthú fós. **Sa Pholainn**, ceanglaítear le cásdlí[8] a shuí gur gnóthaíodh sócmhainní sonracha ó chion preideacáide sonrach ar bhealach atá sonrach go leor.

Mar a léirítear freisin sa tuarascáil mheastóireachta, **tá foclaíocht na Treorach an-leathan**, rud a fhágann gur féidir trasuí den sórt sin a dhéanamh. Ceanglaítear leis an Treoir gur féidir ciontú i dtaobh sciúradh airgid 'gan é a bheith riachtanach na gnéithe fíorasacha uile ná na himthosca uile a shuí' i gcás an chiona preideacáide, ach ciallaíonn foclaíocht den sórt sin gur féidir leis an reachtaíocht ceangal a chur ar údaráis fós na gnéithe uile den chion preideacáide a chruthú seachas ceann amháin.

Agus an corrlach leathan sin dá bhforáiltear sa Treoir do na Ballstáit á chur san áireamh, a mhéid a bhaineann le h**Airteagal 3(3)(a) agus (b), níor sainaithníodh aon chás neamhchomhlíonta**.

**Thrasuigh na Ballstáit uile ar bhealach atá comhlíontach** go **gcumhdaítear le cionta sciúrtha airgid maoin a gnóthaíodh ó iompar i mBallstát eile nó i dtír nach Ballstát den Aontas í**, i gcás ina mbeadh an t-iompar ina chion preideacáide dá dtarlódh sé sa bhaile (**Airteagal 3(3)(c)**).

Ar chúiseanna comhréireachta, tugtar le h**Airteagal 3(4)** an rogha do na Ballstáit raon feidhme na gcásanna trasteorann ina bhfuil sciúradh airgid inphionóis a chúngú, i.e. i gcás inar tharla an cion preideacáide i dtíortha nach ndéantar iompar den sórt sin a choiriúlú iontu (ceanglas maidir le 'coiriúlacht dhúbailte'). I gcás catagóirí áirithe cionta tromchúiseacha, áfach, níl an fhéidearthacht sin an raon feidhme trasteorann a chúngú ar fáil. I gcásanna rannpháirtíochta i

[4] An Bheilg, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Chróit, an Ungáir, an Iodáil, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSualainn, an tSlóivéin agus an tSlóvaic.

[5] An Ostair, an Bheilg, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, Lucsamburg, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Rómáin, an tSualainn, an tSlóvaic agus an tSlóivéin.

[6] An Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Ungáir, an Pholainn agus an Phortaingéil

[7] Airteagal 253 de Chód coiriúil na Bulgáire.

[8] Rialú na Cúirte Uachtaraí maidir le hAirteagal 299 § 1 den chód coiriúil.

ngrúpa coiriúil eagraithe, sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach, teacht i dtír gnéasach, gáinneáil ar dhrugaí agus éilliú, a dhéantar i mBallstát eile den Aontas Eorpach nó i dtríú tír, ní mór a bheith in ann duine a ionchúiseamh fós as sciúradh airgid fiú mura cion coiriúil sa tír eile sin é an t-iompar ónar gineadh an t-airgead.

Bhain **ocht mBallstát**[9] úsáid as an rogha chun 'coiriúlacht dhúbailte' a cheangal. Mar sin féin, ceanglaíonn **Lucsamburg**[10] coiriúlacht dhúbailte i gcás roinnt de na cionta nár cheart prionsabal den sórt sin a chur i bhfeidhm ina leith, is é sin rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil agus cambheartaíocht. .

Ar deireadh, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an t-iompar atá á choiriúlú mar sciúradh airgid in Airteagal 3(1)(a) agus (b) inphionóis i gcás **'féinsciúradh'** (**Airteagal 3(5)**), rud a chiallaíonn go ndéanann an duine a rinne an cion preideacáide nó a raibh baint aige leis fáltais a choire féin a sciúradh.

**Chuir na Ballstáit an fhoráil sin chun feidhme go sainráite** ina reachtaíocht náisiúnta nó **go hintuigthe** trí gan coinníoll a dhéanamh di nach ionann déantóir an chiona preideacáide agus déantóir an chiona sciúrtha airgid. Chuir roinnt Ballstát **eisceachtaí** lena reachtaíocht náisiúnta **nach ndéanann difear do chomhlíonadh**, e.g. ceanglaíonn **an Ghearmáin** gur cuireadh na sócmhainní neamhdhleathacha i gcúrsaíocht ar bhealach éigin, agus eisiann **an Iodáil agus an Eastóin** an úsáid le haghaidh taitneamh pearsanta ón raon feidhme. Dá bhrí sin, níor sainaithníodh aon chás neamhchomhlíonta.

**Airteagal 4 – Cabhrú agus neartú, gríosú agus iarracht a dhéanamh**

Ceanglaítear le h**Airteagal 4** nach mór **cionta coimhdeacha, i.e. cabhrú agus neartú,** duine a **ghríosú** chun cion sciúrtha airgid a dhéanamh agus **iarracht a dhéanamh** cion sciúrtha airgid a dhéanamh, a bheith inphionóis mar chion coiriúil.

**Thrasuigh na 25 Bhallstát uile Airteagal 4 i gceart.**

**Airteagal 5 – Pionóis do dhaoine nádúrtha:**

Ceanglaítear le h**Airteagal 5** go mbeidh cionta sciúrtha airgid agus cionta coimhdeacha **inphionóis le pionóis choiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach**, lena sonraítear nach mór cionta sciúrtha airgid a bheith inphionóis le huastéarma príosúnachta 4 bliana ar a laghad.

**I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire gur shocraigh an tSualainn**[11] 2 bhliain ar a mhéad ina reachtaíocht, cé gur cosúil nár lean **an Ghréig**[12] an tairseach 4 bliana más oilghníomh é an cion preideacáide, rud a chiallaíonn sa chleachtas nach bhfuil an pionós as sciúradh airgid ard go leor i gcás raon leathan cionta preideacáide a bhunaítear sa Treoir.

**Airteagal 6 – Imthosca géaraitheacha**

---

[9] An Ostair, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Fhionlainn, an Ungáir, Lucsamburg, agus an Phortaingéil.
[10] Airteagal 506-3(2) de *code pénal*, i gcomhar le hAirteagal 5-1 de *Code de procédure pénale*.
[11] Lag (2014:307) *om straff för penningtvättsbrott*, 3 §.
[12] Airteagal 39(1)(d), L. 4557/2018.

Bunaítear le h**Airteagal 6(1)** dhá imthoisc ghéaraitheacha shainordaitheacha: i gcás ina **ndéantar** sciúradh airgid **laistigh d'eagraíocht choiriúil** nó **le linn gníomhaíochtaí gairmiúla 'eintitis faoi oibleagáid'**, is é sin eintiteas atá faoi réir oibleagáidí sonracha tuairiscithe agus fíoraithe custaiméirí faoi reachtaíocht an Aontais maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac[13].

I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nár thug **an Liotuáin, an Pholainn ná an tSlóivéin** isteach ina reachtaíocht an imthoisc ghéaraitheach eintiteas faoi oibleagáid sciúradh airgid a dhéanamh; Ní dhéanann **an Chipir[14]** foráil maidir le himthosca géaraitheacha maidir le cabhrú le sciúradh airgid, é a neartú, a ghríosú agus iarracht é a dhéanamh; ní féidir leis **an nGréig**[15] imthosca géaraitheacha a chur i bhfeidhm i gcás inar oilghníomh é an cion preideacáide, rud a eisiann, sa chleachtas, raon leathan cionta preideacáide a bhunaítear sa Treoir.

Le h**Airteagal 6(2)**, tugtar deis do na Ballstáit dhá imthoisc ghéaraitheacha bhreise a thabhairt isteach, **(a)** nuair atá luach mór ag baint leis an maoin sciúrtha nó **(b)** nuair a gnóthaíodh an mhaoin sciúrtha ó shraith cionta sonracha[16]. **Thrasuigh 14 Bhallstát**[17] **rogha (a), thrasuigh ceithre Bhallstát**[18] **rogha (b).**

**Thrasuigh na Ballstáit uile a d'úsáid na roghanna iad ar bhealach a bhí i gcomhréir** leis an Treoir.

**Airteagal 7 – Dliteanas daoine dlítheanacha**

De réir na Treorach, ní mór a bheith in ann daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i leith cionta sciúrtha airgid, lena n-áirítear féinsciúradh. Cuimsítear leis sin gníomhaíochtaí a dhéanann aon duine, ag gníomhú dó ina aonar nó mar chuid de chomhlacht de chuid an duine dhlítheanaigh, agus a bhfuil post ceannaireachta aige laistigh den eintiteas sin (**Airteagal 7(1)**). Ní mór do na Ballstáit a áirithiú freisin go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i gcás inar féidir an cion a dhéanamh mar thoradh ar easpa maoirseachta nó rialaithe (**Airteagal 7(2)**). Le dliteanas daoine dlítheanacha, níor cheart a eisiamh áfach go bhféadfaí imeachtaí coiriúla a thionscnamh in aghaidh daoine nádúrtha a bhfuil baint acu leis mar dhéantóirí na gcionta (**Airteagal 7(3)**).

**Maidir le dliteanas daoine dlítheanacha, níor thug an Fhrainc** isteach ina reachtaíocht an fhéidearthacht daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i gcás inarbh fhéidir na cionta sciúrtha airgid a dhéanamh mar thoradh ar easpa maoirseachta nó rialaithe ag duine a bhfuil post ceannaireachta aige laistigh den eintiteas sin.

**Airteagal 8 – Smachtbhannaí do dhaoine dlítheanacha**

---

[13] Féach go háirithe Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, *IO L 141, 5.6.2015, lgh. 73–117, an leagan comhdhlúite is déanaí atá ar fáil faoi*: EUR-Lex - 02015L0849-20241230 - GA - EUR-Lex
[14] Cuid I §4(4). L. 188(I)/2007.
[15] Airteagal 39(1)(d), L. 4557/2018.
[16] Rannpháirtíocht i ngrúpa coiriúil eagraithe nó cambheartaíocht, sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, teacht i dtír gnéasach, gáinneáil aindleathach ar dhrugaí támhshuanacha, agus éilliú.
[17] An Ostair, an Bhulgáir, an Chipir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Ghréig, an Fhionlainn, an Chróit, an Ungáir, an Laitvia, an Pholainn, an tSualainn, an tSlóivéin, agus an tSlóvaic.
[18] An Ghréig, an Spáinn, an Fhionlainn agus an Chróit.

Ceanglaítear le h**Airteagal 8** ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil duine dlítheanach a chuirtear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 7 **inphionóis le smachtbhannaí atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach lena n-áirítear, in aon chás, fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla**. Thrasuigh na Ballstáit uile an fhoráil sin ar bhealach atá comhlíontach.

Ina theannta sin, **liostaítear in Airteagal 8 roghanna le haghaidh smachtbhannaí breise**, idir eintiteas dlítheanach a eisiamh ó shochair phoiblí nó ó chabhair phoiblí, agus na heisiaimh ó rochtain ar chistiú poiblí, an dícháiliú ó ghníomhaíochtaí tráchtála a chleachtadh, an t-eintiteas a chur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach, dúnadh bunaíochtaí a úsáideadh chun an cion a dhéanamh; agus an fhéidearthacht fiú ordú breithiúnach a fháil chun an chuideachta a dhíscaoileadh (i.e. foirceannadh). **Bhain 19 mBallstát**[19] **úsáid as ceann amháin nó níos mó de na roghanna sin. Níor bhain sé Bhallstát úsáid as aon cheann de na roghanna ar chor ar bith.**

Thrasuigh na Ballstáit uile a d'úsáid na roghanna sin iad ar bhealach a bhí i gcomhréir leis an Treoir.

**Airteagail 9 – Coigistiú**

Ceanglaítear le h**Airteagal 9** ar na Ballstáit **a áirithiú, de réir mar is iomchuí, go ndéanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta** na fáltais a fhaightear as aon cheann de na cionta sciúrtha airgid dá dtagraítear sa Treoir seo agus na hionstraimeachtaí a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun aon cheann de na cionta sciúrtha airgid dá dtagraítear sa Treoir seo a dhéanamh nó chun rannchuidiú lena dhéanamh **a reo nó a choigistiú** i gcomhréir le Treoir 2014/42/AE maidir le coigistiú[20].

**Thrasuigh na 25 Bhallstát uile Airteagal 9 i gcomhréir** leis an Treoir.

**Airteagail 10 – Dlínse**

Ceanglaítear le h**Airteagal 10(1)** ar Bhallstát a dhlínse ar chionta sciúrtha airgid a bhunú, nuair a dhéantar an cion ar a chríoch (**Airteagal 10(1)(a)**), nó i gcás inar náisiúnach dá chuid é an ciontóir (**Airteagal 10(1)(b)**). Thrasuigh **na Ballstáit uile** an fhoráil i gcomhréir leis an Treoir.

Maidir le h**Airteagal 10(1)(b)**, ba cheart a thabhairt faoi deara, go sonrach i gcás inar náisiúnach den Bhallstát é an ciontóir, gur trasuíodh an fhoráil ar bhealach éagsúil, go háirithe i dtaca leis an gceanglas maidir le **coiriúlacht dhúbailte**[21].
In éagmais foráil shonrach lena dtugtar aghaidh ar an ábhar sin, is cosúil gur chuir **10 mBallstát**[22] an Treoir chun feidhme gan coiriúlacht dhúbailte a shonrú go sainráite mar réamhchoinníoll chun dlínse a dhearbhú. Os a choinne sin, rinne **11 Bhallstát**[23] an ceanglas thuasluaite a ionchorprú go sainráite mar choinníoll chun dlínse ar a náisiúnaigh a bhunú. Idir

[19] An Bheilg, an Chipir, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Ungáir, an Iodáil, an Liotuáin, Lucsamburg, an Laitvia, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic.
[20] Féach aithris 16 den Treoir maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil: '*[...] Ba cheart do na Ballstáit, ar a laghad, calcadh agus coigistiú na n-ionstraimeachtaí agus na bhfáltas ó choireacht a áirithiú sna cásanna uile dá bhforáiltear i dTreoir 2014/42/AE. Ba cheart do na Ballstáit freisin, dianmhachnamh a dhéanamh ar choigistiú a cheadú sna cásanna uile nach féidir imeachtaí coiriúla a thionscnamh nó a thabhairt chun críche, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil an ciontóir marbh.*'.
[21] Is é sin an prionsabal nach féidir dlínse a bhunú ach amháin i gcás ina ndéantar an t-iompar atá i gceist a choiriúlú sa stát ionchúisimh agus sa stát ina ndearnadh é araon.
[22] An Bhulgáir, an tSeicia, an Iodáil, an Laitvia, an Ungáir, Málta, an Pholainn, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn.
[23] An Bheilg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Chipir, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ostair, an tSualainn.

an dá linn, d'eisiaigh **trí Bhallstát**[24] an ceanglas maidir le coiriúlacht dhúbailte le haghaidh cionta sciúrtha airgid go sainráite.

Ceadaítear le h**Airteagal 10(2)** do na Ballstáit a ndlínse a leathnú chuig cásanna **(a)** ina bhfuil gnáthchónaí ar an gciontóir ina gcríoch, nó **(b)** ina ndearnadh an cion chun tairbhe duine dhlítheanaigh atá bunaithe ina gcríoch. Bhain **14 Bhallstát**[25] úsáid as an rogha faoi **Airteagal 10(2)(a)**. Bhain **10 mBallstát**[26] úsáid as an rogha faoi **Airteagal 10(2)(b) ar bhealach atá comhlíontach**.

**Airteagal 11 – Uirlisí imscrúdaitheacha**

**Ceanglaítear le hAirteagal 11 go mbeidh uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha**, amhail na cinn sin a úsáidtear sa choireacht eagraithe nó i gcásanna eile coireachta tromchúisí, ar fáil do na daoine, na haonaid nó na seirbhísí atá freagrach as cionta sciúrtha airgid a imscrúdú nó a ionchúiseamh, lena n-áirítear cabhrú leo, iad a neartú, iad a ghríosú agus iarracht iad a dhéanamh[27]. **Thrasuigh na 25 Bhallstát uile Airteagal 11 i gcomhréir** leis an Treoir.

## 3 CONCLÚIDÍ

I bhfianaise a thábhachtaí atá sciúradh airgid do líonraí coireachta eagraithe mar uirlis ríthábhachtach mhaoiniúcháin, agus mar bhealach chun gnóthachain aindleathacha a dhaingniú agus an geilleagar dlíthiúil a insíothlú, is cuid fhíor-riachtanach d'iarrachtaí níos leithne an Aontais é freagairt an dlí choiriúil ar sciúradh airgid a chomhchuibhiú chun cur isteach ar líonraí coiriúla agus deireadh a chur leo, mar a chuirtear i dtábhacht sa Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach[28].

Aithníonn an Coimisiún na hiarrachtaí a rinne na Ballstáit bearta a dhéanamh chun an Treoir a chomhlíonadh. Cé go bhfuil roinnt neamhréireachtaí agus bearnaí fós ann, bhí trasuí na Treorach comhlíontach den chuid is mó, agus rinne na Ballstáit bearta cuimsitheacha chun dlíthe náisiúnta a ailíniú le caighdeáin an Aontais. Tá reachtaíocht shonrach glactha ag formhór na mBallstát chun ceanglais na Treorach a chomhlíonadh, ach bhí roinnt acu ag brath go hiomlán nó den chuid is mó ar fhorálacha náisiúnta a bhí ann cheana.

Chun trasuí iomlán agus ceart na Treorach a áirithiú, leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar easnaimh shainaitheanta. Cuimsítear leis sin a áirithiú go gcomhlíonann bearta náisiúnta na forálacha sa Treoir agus faireachán a dhéanamh orthu.

[24] An Ghréig, an Íslitír, an Rómáin.
[25] An Ostair, an Bheilg, an Eastóin, an Spáinn, an Fhionlainn, an Chróit, an Liotuáin, Lucsamburg, an Laitvia, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSualainn agus an tSlóvaic.
[26] An Ostair, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, Lucsamburg, an Laitvia, an Pholainn, an tSlóivéin agus an tSlóvaic.
[27] Féach freisin aithris 19: '*Ba cheart go n-áiritheofaí dá bhrí sin go mbeadh dóthain pearsanra agus oiliúint spriocdhírithe, chomh maith le dóthain acmhainní agus acmhainneacht teicneolaíochta ar fáil*. *[…]*.'
[28] EUR-Lex - 52025DC0148 - GA - EUR-Lex